Éisd rem éagnach, a fhir ghráidh

[Mac Cionnaith, L. *Dioghluim Dána*, Dublin, 1938, poem 90]

Fearghal Óg Mac an Bhaird .cct.

1 Éisd rem éagnach, a fhir ghráidh;
is tús damh ó Dhia an domhnáin
i ndiamhair le dlús guidhe
iarraidh ar tús trócuire.

2 Tug an toice re haimsir
druim riom san chrích Chonaill-sin;
im aghaidh is ionnsa í;
liom-sa labhair, a Fhlaithrí.

3 Do chailleas onóir mh'anma
's mo bhuar 's mo lucht leanamhna
's mo dhúthchas - gidh dál pudhair -
i gclár chlúmchas Chonchubhair.

4 Fás slios agam re hathaidh
d'easbhaidh shíl Chuinn Chéadchathaigh;
am slat chroimcheannach re headh
i ngoirmtheallach mac Míleadh.

5 A chara - ós dá chasaoid ruibh -
Goill dom athchur 's dom arguin
rom thug go Labháin tar linn;
rug a hanáil óm intinn.

6 Ainm uasal san Eoruip ort,
tú airdeasbag Chláir Chonnocht;
déana báidh is robháidh rinn;
is cáir dot onáir mh'fhaithchill.

7 Ní maith mo dhóigh, a dhearc mhall,
díoth toice má tug oram
teacht ó chaithÉirne an chlúimh thruim,
súil re haithéirghe aguinn.

8 An bláth chuireas an choill di
tig a ionnshamhail uirthe;
re ndul dúinn go cathmhúr gCuinn
súil ris an athchlúmh aguinn.

9 Tig teas iomarcach d'éis reoidh;
glanaidh grian i ndiaidh duibhneoil;
fásaidh slios ré ar n-a raghuin;

gá fios nach é mh’ionnshamhail.

10 Cuirfe as mo chroidhe a chumhga;
a-tá iomad th’ealadhna
’s do rífhreamha dom reic ribh,
a mheic fhíréanna Fhíthil.

11 Maine mac Néill, Niall féin,
Eochaidh Muighmheadhón maoithréidh,
drong Fuineadhach nar bh’olc n-áigh.
’s Muireadhach ort dom fhuráil.

12 Fiacha Sraibhthine, súil ghlas,
Cairbre Lifeachair lúthbhras,
agus Cormac dom char ort,
donnghlac nachar ghabh guasocht.

13 Art Éinfhear, Conn na gcéad gcath,
Féilim Reachtmhar rí Teamhrach,
is Tuathal dom fhuráil ort,
a bhranáin Chruachan Connocht.

14 Biaidh a bhfuil ó Thuathal thiar
go hÉireamhón ar éinrian
ag labhairt leam ais re hais,
a cheann adhairt gach eolais.

15 Dlighe ó chrú Chormaic mheic Airt,
’s ód ghairm onóraigh orrdhairc,
is ót sheanathair láimh linn
báidh ret ealathain inghill.

16 Do sheanathair san aois óig
do chuir geall - dar ghar urchóid -
fa dhán re hadhbhar eile
glár far hadhnadh oirbhire.

17 An uair-sin ó thír do thír
do-chuaidh Muirgheas mhac Paidín
a-nonn i gceann mo chinidh,
drong ór fhearr a fhóiridhin.

18 Tug mh’aicme [iar] sin láimh do láimh
le Muirgheas do mhuin roghráidh
cuairt cheiníl go Cruachain gCuinn
ó thuathaibh Ceiníl Chonuill.

19 Rug mh’aicmei-se - iúl go bhfios -
breath san mhórdháil le Muirgheas

an uair-sin féin druim ar druim
 - céim do uaisligh a fhoghluim.

20 Ris an bhfine dá bhfuil sionn
mac Paidín oide Éirionn
ceangal síor ó soin i-le
ag a síol i Moigh Mheidhbhe.

21 Sliocht Eoghain Mhóir Mheic an Bhaird,
sliocht Muirghis ón mBúill mbraonaird
fa mhóid gráidh shíordhuidhe ó shoin
tar dáimh fhíonMhuighe Fhionntain.

22 A airdeasbaig fhóid Aidhne
mar chairt ar ar gconnailbhe
 - ní cóir blagh do dhul di-se -
an i mbun na báidhei-se.

23 A mheic Fhíthil, adhair dhi
baidh ar n-aicmeadh rer-oile;
buail séala ar mh’annsa as a hucht
déana dhamh-sa do dhúthrocht.

24 Ag sin an pháirt ’n-a páirt te
cuir a hucht ar dá n-aicme,
a ghéag abhla ó Thoigh Dhá Thí,
do thoil led labhra, a Fhlaithrí.

25 A mheic Onóra éisd rinn
gé táim ann nochan fhuilim;
ó theasda mh’ana éisd mh’uch;
a chara éisd rem éagnach.

26 Sir síoth dhamh ar dhaonnacht Dé
gion go ndearnas a dheighréir
rem ré san bheathaidh i-bhus,
a Pheadair, éisd rem éagnach. Éisd.